



Bloc K3
Campas Gnó Mhaigh Nuad
Maigh Nuad
Co. Chill Dara
Fón: 01-6294110
Ephost: eolas@foras.ie
www.foras.ie

30 Meán Fómhair 2015

Toghchán do Bhord Bainistíochta Nua

A Chathaoirligh, a chara,

Táim ag scríobh chugat mar gheall go bhfuil Bord Bainistíochta nua le togh don scoil. Ba mhaith leis an bhForas Pátrúnachta ár mbuíochas a chur in iúl duit agus do gach ball eile den bhord as an obair atá déanta agaibh ar son na scoile le ceithre bliana anuas. Tuigimid an ról tábhachtach atá agaibh i saol na scoile agus an iarracht mhór atá curtha isteach in obair an bhoird ar leas na ndaltaí agus ar leas an phobail ar fad.

Mar is eol duit faoin am seo tá deireadh ag teacht le tréimhse an bhoird atá ann faoi láthair agus tá bord nua le teacht i bhfeidhm ar an 1ú lá de mhí na Nollag. Leis seo tá cóip de Chiorclán 52/2015 ón Roinn Oideachais agus Scileanna a thugann treoir mar gheall ar na céimeanna atá le tógáil agus Bord nua á thoghadh. Tá gach eolas le fáil sa leabhrán Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015-2019 atá ceangailte freisin nó is féidir teagmháil a dhéanamh leis an oifig anseo má tá aon cheist. Tá sé fíor thábhachtach go leanfar na céimeanna sa phróiseas seo go beacht.

Ba mhaith leis an bhForas Pátrúnachta a chur in iúl gurbh é polasaí an Fhorais ná go ndéanfar obair an Bhoird trí mheán na Gaeilge agus mar sin go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh aon duine a thoghtar ábalta feidhmiú trí mheán na Gaeilge. Má thoghtar duine ar bheagán Gaeilge is cóir don chathaoirleach cinntiú go dtuigeann an ball gnó an bhoird agus cuidiú leo páirt a ghlacadh go dtí go bhfuil dóthain muinín acu feidhmiú trí Ghaeilge iad féin. Dá bhrí sin tá sé inmholta go mbeadh Gaeilge líofa ag gach Cathaoirleach.

Beidh an Foras Pátrúnachta ag eagrú seisiúin oiliúna do na Boird timpeall na tíre tar éis na Nollag. Iarann muid ar gach ball freastal ar na cruinnithe seo chun tuiscint iomlán a fháil ar ról an Bhoird agus an gnó a bhíonn ar siúl acu. Mar chríoch ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis an mBord atá ag críochnú agus gach rath a ghuí ar an mbord nua.

Is mise le meas,

Caoimhín Ó hEaghra

Ard Rúnaí